Litir Ṡasana

Dónal Mac Aṁlaiġ

Cuairt ar Éirinn

Coicís san oíċe aréir d'ḟága mé féin, m'inín beag agus cara dom Northampton le cuairt ġairid a ṫúirt ar Éirinn; ní mórán oíċe ar biṫ i gcaiṫeaṁ na bliana naċ mbíonn cuid ṁaiṫ paisnéirí ag déanaṁ an aistir úd agus níor ṫaisce don oíċe sin é. Mar sin féin ḃí a ḃeag nó a ṁór de ċompóird againn seaċas mar ḃeaḋ amaċ i lár an tsaṁraiḋ nuair a ḃeaḋ 'ċuile scailp agus cúinne sa traen líonta. Tá feaḃas as cuimse mór in ḋiaiḋ a ḋul ar an Cambria agus an Hibernia (ċuaiġ mé anonn ar an gcéad ceann agus ṫáinig anall ar an gceann eile) ó ṫaoḃ ṡlí agus compóird ḋe agus go deiṁin féin ní roiṁ am é. Tá, creidim, ḋá oiread suíoċáin anois ann is mar ḃí agus tá ballaí tá déanta as stuif naċ ngaḃfaiḋ tré ṫine anois ṫíos in íoċtar.

Rud aṁáin naċ cosúil go dtiocfaiḋ aon feaḃas go deo air ná an tae a díoltar ar na báid céanna, is geall le uisce na fataí é agus ba eaḋ le mo ċuiṁne-sa; agus ar sé bpingne an cupán is robáil le láiṁ láidir é.

Fáilte Éireannaċ

Feictear dom féin go raḃíonn fáilte roiṁ duine i gcónaí in Éirinn cé gur ḋúraḋ go minic liom naċ ḃfuil de údar leis an dtuairim sin agam aċ mé ḃeiṫ claonta go h-ainṁeasarḋa ar ṫaoḃ na tíre sin. Ḃíoḋ sin mar tá aċ ḃraiṫeas féin cineáltas 'sna daoine a ċasaḋ orm ag baile ṫar mar a ḃraiṫim aḃfus anseo. Go mór ṁór an ċéad maidin sin. Is aṁlaiḋ go raiḃ dúil i ruaine bricfeasta agam féin is ag an mac eile (ḃí m'inín lán suas le crisps, brioscaí, ceapairí ⁊ gaċ eile dá mbíonn le fáil ar an mbád aċ naċ ndéanfaḋ béile d'ḟear dá mbeaḋ sé ag blaiseaḋ dóiḃ go ceann coicíse) a lua ⁊ a ṫáinig muid den treán i Stáisiún Sraiṫ an Iarṫair. Mar sin féin ní ar ṫeaċ bíḋ ná ar café a ṫug muid ár naġaiḋ aċ ar taḃairne a bíos ar oscailt ón seaċt a clog ar maidin i ḃfoisgeaċt cúpla céad slat don stáisiún. Ḃuail muid isteaċ ann agus mé féin ag guiḃe naċ ndéarfaí linn (faoi mar a ḋéarfaí anseo i Sasana) an páiste a ḟágáil taoḃ 'muiġ den doras dá mb'áil linn féin teaċt isteaċ. Ṡuí muid agus ċuir muid an cailín beag an taoḃ eile ḋínn sa gcaoi agus naċ ḃfeicfí í ó ċúl an ċúntair; d'ól muid trí ṗionta an duine as béal a ċéile agus d'alp siar a trí nó a ċeaṫar de ċeapairí maiṫe tacúla; agus i leaba aon ċeo a rá linn mar ġeall ar an gcailín beag a ṫúirt isteaċ isé rinne fear an tí (nó an fear a ḃí i ḃfeiḋil na h-áite) ná gloine sú oráiste a ṫúirt amaċ lena h-aġaiḋ agus tosú ag baint aistí go caoin, láċ. Uiṁir a h-aon, mar déarfá. Ansin agus muid ag dul ar an traen a ṫaḃarfaḋ síos go Cill Ċoinniġ sinn, ċeannaiġ mé féin cúpla cárta agus ḃreac síos cúpla líne ar 'ċaon ceann aca; ní raiḃ stampa ar biṫ agam áfaċ, agus ní raiḃ siad le fáil ins an stáisiún. Aċ deir tú leis an gcailín i mboṫ na bpáipéar a ṫairg na cártaí a ġlacaḋ uaim agus a ṗostáil ar an mbealaċ aḃaile ḋí in am lóin! Uiṁir a dó. Ar an mbus a ṫug ó Ḋroiċead Uí Ċonaill aníos muid roiṁe sin, nuair a ṡíneas féin an táille ar an ngiolla, 'Go raiḃ míle maiṫ agat,' ar seisean. Anois, duine ar biṫ a ċónaiġ seal taoḃ amuiġ de Éire tuigfiḋ sé cé coṁ h-anaṁ agus a ċloisfeá stiúirṫóir nó giolla bus ag gaḃáil buíoċas mar sin le paisnéir. Is minic ċeana a ḃíos ar ṫoib litir a scríoḃ ċuig na páipéirí ag molaḋ cuid fostaiṫe C.I.É. arae feictear dom naċ ḃfuil a sárú ann maidir le cúirt-éiseaċt agus garaċt. Ḃoil sin agaiḃ mo scéal faoi ċarṫannaċt muintir na hÉireann, no muintir Ḃaile Áṫa Cliaṫ pé scéal é. B'ḟéidir naċ gcruṫaíonn sé tada aċ creidim go gcruṫaíonn. Ḃí mé ag caint le bean istiġ sa mbuffet i Stáisiún Ṡeáin Huston (nó Droiċead a' Rí mar a tugtar i ngaċ áit fós air, sílim), bean a ḃí tagṫa aḃaile go gairid roiṁe sin agus a raiḃ stiall ṁór den doṁain siúlta aici, agus ba é dúirt sí liom naċ ḃfaca sí sárú na n-Éireannaċ i dtír ar biṫ ar laíoċt le stráinséirí.

Tragóid faoi Ṫalaṁ

Scéal scanrraíoċ, léanmar ab' ea an scéal a ṫáinig i dtús na seaċtaine seo faoin deiċnúr ar ḟiċid mianadóirí úd a maruíoḋ i Tonipandy i ndeisceart na Breataine Biġe. "Fíor-ċostas an ġuail" an teideal a ḃí ag an Daily Express ag cur síos dóiḃ ar an mí-ṫapa agus ár ndó mo leán níor aon aiḋḃéal aca é. Ní de réir an oiread seo an tonna ná an céadmeaċán aṁáin is ceart an gual a ṁeasaḋ aċ ó ṫaoḃ an ċruatain agus an contúirt a gaḃann lena mbaint. Ṫar aicme ar biṫ eile oibre, b'ḟéidir, d'ḟulaing na mianadóirí agus a muintir ón gcéad lá ariaṁ a ndeaċa fir síos ag toċailt i bpoll ġuail; lá den saol ḃí an díṁaointeas agus an ganncuid ina náṁaid coṁ foránta aca leis an ngalra gránna sin, silicosis, a bíoḋ dá tolgaḋ ag an oiread sin díoḃ. Tá caiġdeán maiṫ maireaċtála inniu ag furṁór na mianadóirí agus más mian is miṫid; aċ ná ċeapaḋ éinne naċ ḃfuil sin dá saoṫrú agus dá ṡaoṫrú go sneasta aca. Ná bíoḋ ann aċ an dáinséar a ḃaineann leis an gcéird céanna sin níor ṁór do ḟear ar biṫ a ċleaċtóḋ é rud eicínt ar fónaṁ a ḃeiṫ aige dá ḃárr.

Na Gárdaí Síoċána agus an Pobal

Níl dabt ar biṫ mar ġeall air —tá níos mó eascáirdeas idir na daoine agus na gárdaí anois in Éirinn ná mar a ḃí le fada fada an lá. Ní féidir a ḃeiṫ dall air, ná boḃar aċ an oiread. 'Ċuile áit a dtéiġeann tú cluinfiḋ tú daoine ag cáineaḋ na gárdaí óga 'dúṫraċta' úd, a bíos de ṡíor san áirdeall, is cosúil, ar an bpobal. Déarfar leat naċ ḃfuil siad ioncurṫa ar ḃealaċ ar biṫ leis an sean-dream a scaoilfeaḋ saor tú le raḃaiḋ i leaba tú ṫarraing suas os coṁair na cúirte ar an rud is lú faoin ngréin. Tá aiḋḃéil, a ḃeag nó a ṁór, sa gcaint sin, ár ndó, aċ tá cuid ṁaiṫ den ḃfírinne freisin. Anuraiḋ ċonaic mé féin lán dá ġluaisteán ġárdaí ag faire ar ḟear a ḃí in diaiḋ a teaċt amaċ as príosún an ṁaidin sin! ní raiḃ a ḋaṫ ariaṁ as ḃealaċ dá ḋéanaṁ ag mo ḋuine san am, aċ ar m'anaṁ taréis do'n "Dlí" ḃeiṫ tamall dá faire agus é ina ṡeasaṁ ansin a buil scata coṁarsana leis ar ċúinne a ṡráide féin ag an leaṫ uair téis an deiċ san oíċe ba ró-ḟobar uiliġ dó a stuaim a ċailleaḋ agus rud éicint a ċuirfeaḋ taoḃ ṫiar dena barraí arís a ḋéanaṁ. Nílim féin anuas ar na gárdaí ar ċor ar biṫ; tá siad coṁ maiṫ nó coṁ h-olc lena macasúil féin i dtír ar biṫ eile tá ioncomórtas le Éire aċ is droċ ċoṁarṫa ar fad é náṁaideas agus ain-ḃá a ḃeiṫ aca féin agus ag an bpobal dá ċéile. Nuair a ṫárlaíonn sé sin, i ndar liom go ḃfuil an tír ina ṫárlaíonn sé ag druidim ar ṡlí na Rúise, na Spáinne agus tíorṫa eile mar iad a mb'ḟearr do ḋuine na mílte míle uaṫa.

Dónall Mac Aṁlaiġ.

Turcaiṫe

Tá an Roinn Talṁaíoċt ag taḃairt £2,850 i leiṫ deontaisí do ṫíṫe turcaiṫe agus gléasraí, ⁊ £19,000 i leiṫ ceannaċ turcaiṫe óga lá d'aois.

Toscaireaċt Slat Iascairí

Nuair a ċuaiġ toscaireaċt ó slatiascairí an Iarṫair go Baile Áṫa Cliaṫ faoi dúnaḋ sceiṫleann Uaċtar Ard, ní ḃfuair siad breis ar biṫ sásaiṁ ón Aire Talṁaíoċt agus Iascaireaċta, Diardaoin seo caite. Ṫar ċionn an toscaireaċt de seisear, dúraḋ naċ n-éistfeaḋ an tAire leis an ráiteas naoi-leaṫnaċ a ḃí ullṁaiṫe acu, agus naċ dtug sé breis ar biṫ sásaiṁ díoḃa. Dúirt urlaḃraí gur ḋúirt an tAire go raiḃ an ráiteas ró ṫeicniúil agus naċ raiḃ sé aḃálta teicníoċt a ṫuigḃeáil. Aċ, ġéill an tAire, i gcúis adáin, dúirt sé go dtaḃarfaḋ sé ceadúnas le breiṫ ar bric sceiṫe go ceann bliana eile agus go gcuirfeaḋ sé innealtóir anuas le féaċaint ar an sceiṫleann.

Baile na Fada

Cúis bróin sa ċeantar, bás Máirtín Breaṫnaċ, Leitir Sé, Baile na Fada, taréis tinneas gearr. Ḃí Aifreann solúnta na Marḃ dó i Séipéal Baile na Fada, agus ċuaiġ an soċraid 'na ḋiaiḋ sin go reiliġ na h-áite. Ḃí slua mór leis an soċraid. Déantar coṁḃrón lena ḃaintreaċ, Máire Bean Uí Ḃreaṫnaċ, le Peadar, Máirtín agus Pádraic, mic; Máire, Bríd, Áine agus Treasa, iníonaċa, agus Peadar Breaṫnaċ driṫeáir. Ṫáinig Máire agus Bríd na ḃaile ó Nua Eabraċ nuair a ċuala siad fá na ṫinneas, agus ḃí siad ansin sa baile an lá sul a ḃfuair sé bás.

LEITIR MEALLAIN

Ag an Ċúirt Dúiċe i nDoire Niaiḋ, Casla, cúisíoḋ Tomás Ó Fuaráin, Fuar Inis, Leitir Mealláin, as go raiḃ leaṫ-ṗionnta poitín ina ṡeilḃ ag Baile na Cille ar an 11ú lá do Aibreán. Ṫug an Gárda M. Mac Caifeartaiġ, fianaise go raiḃ an poitín i n-a ṡeilḃ ag Ó Fuaráin. Dúirt an Ceannfort P. S. Ó Gallċoḃair, a ḃí ag cúisíoḋ, nár ciontaíoḋ Ó Fuaráin roiṁe i gcúiseanna. Ċáin an Giúistís T. G. de Búrca, £12 é.

Tuillteaċ i gCloiċeannaola

Sa Dáil, d'ḟiafraiġ Pádraic Ó Doṁnaill, T.D., don Aire Airgealais, an raiḃ fios aige go raiḃ roinnt maiṫ acraí de ṫalaṁ curaíoċt i mbailte fearann Tulaċ a' Ḃeaglaoiċ Éireannaċ, agus Tulaċ a' Ḃeaglaoiċ Albanaċ, gan úsáid de ṫairḃe na tuillteaċa in aḃann Ḃéal Áṫa an Ḟeaḋa, in aice leis an Ḟalcarraċ, i gContae Ḋún na nGall, agus an ḃféaċfaḋ sé ċuige láiṫreaċ leis an aḃann a ḟáil glanta nó an gcuirfeaḋ sé airgead ar fáil do Ċoṁairle Condae Ḋún na nGall, faoi scéim na nOibreaċa Poiblí, le cur ar a gcumas seo a ḋéanaṁ?

Ag freagairt, dúirt Séamas Mac Giobúin, T.D., Rúnaí Pairliminte don Aire Airgeadais naċ ḃféadfaḋ Oifig na nOibreaċa Poiblí glanaḋ aḃann Ḃéal Áṫa An Ḟeaḋa, a ḋéanaṁ aċ aṁáin faoi scéim den Aċt Mór Draenála, 1945, agus gur dearnaḋ suirḃé ar aḃantraċt na h-aḃna seo faoi scéimeanna draenála aiḃneaċa mean-ṁéid, aċ naċ dtiocfaḋ leis a rá, cé'n uair a ṫiocfaí ċoṁ fada leis. Ní raiḃ gnó ar biṫ ag Oifig na nOibreaċa Poiblí de ṫairḃe airgead a ċur ar fáil, faoi an Works Act, adúirt sé.

Lá an Toġaċáin

Tá lá an toġċáin buailte linn agus beiḋ na polaiteoirí ar bís go dtí go mbeiḋ an toraḋ ar fáil. De réir bunreaċta na hÉireann ní mór olltoġċán a ḃeiṫ ann gaċ cúige bliain. Uaireanta ní ṁaireann Dáil cúig bliain agus bíonn olltoġċán níos minicí. Cuirtear suim ṁór in olltoġċán i gcónaí. Le mí roiṁe ní ḃíonn d'aḃar cainte ag na daoine fásta aċ cúrsaí polaitíoċta agus ní taise don ceann seo.

Ní raiḃ an Dáil deire in oifig aċ le ceiṫre bliain. Ḃí cúpla fó-toġċán i riṫ na bliana seo caite nuair a fuair Teaċtaí bás. Fo-toġċán i gCorcaiġ faoi ndear an t-olltoġċán seo. Fuair Teaċta Dála an luċt oibre bás ann cúpla mí ó ṡoin agus ċuireaḋ a ḃean ar aġaiḋ ċun a ṡuíoċán d'ḟáil. D'éiriġ léi. Nuair nár éiriġ le iarrṫóir Fianna Fáil d'ḟógair an Taoiseaċ go mbeaḋ olltoġċán ann. Socraíoḋ ar an 7ú Aibreán ċuige.

Ní dóiġ liom go ndearnaḋ an méid bolscaireaċta faoi toġċán riaṁ is atá ar siúl i láṫair i gcóir an lae ṁóir. Tá seaċt dream ann agus gaċ ceann acu ag cur ina luí ar muintir ḃeannaiṫe Éilge gur iad féin is fearr ċun an tír a rialú agus a ṫreorú tríd na blianta contúirteaċa atá ann faoi láṫair nuair atáimid ag iarraiḋ cead isteaċ sa Co-ṁargaḋ d'ḟáil, cúrsaí caidrim a feaḃsú idir na Sé Condaeṫa agus an Ṗoblaċt agus ar ndóiġ, ár dteanga a aṫḃeoċáin. Cé'n dream is fear a oibreós ċun na haiḋmeanna sin a ṫaḃairt ċun críċe —sin an ċeist.

Bíonn ceannairí na ndreamanna éagsúla le clos ar an Radio agus Telefís. Cuireann Fine Gael ós ár gcoṁair na h-éaċta móra a ḋéanfaḋ siad dá mbeaḋ siad i gcuṁaċt. Ar an gcéad dul síos ċuirfeaḋ siad deire leis an gcáin láiṁdeaċais. Ċuirfeaḋ, muis, seanfóid é sin a ġeallúint agus an ċáin sin ag soláṫar ḋá ṁillún déag punt in aġaiḋ na bliana. Ċuirfeaḋ siad feaḃas ar cúrsaí Sláinte agus ar seo agus siúd.

Ansin tagann an luċt Oibre ⁊ maíonn siad go n-ísleóḋ siad an teora aoise don sean-pinsean ⁊ go n-ardóḋ siad liúntais na bpáistí. Níl siad sásta aċ oiread leis an gcóras cánaċ. Tá níos mó iarrṫóirí acu ná mar a ḃí riaṁ ċeana.

Ós cionn na bpáirtí eile cloistear Fianna Fáil ag iarraiḋ ar ṁuintir na hÉireann tacaíoċt a ṫaḃairt dóiḃ agus ligint dóiḃ an obair ḃreá atá tosnaiṫe acu a ṫaḃairt ċun críċe go sásúil. Deireann siad má ḃíonn siad i gcuṁaċt, go mbéimid sa Co-ṁargaḋ faoin ḃliain 1970. Leanfaiḋ siad dá n-iarraċt ċun cúrsaí tráċtála a leaṫnú agus comoibriú a ċur ar siúl idir an dá ċuid den tír.

Sé mo ṫuairim go ndearna Fianna Fáil a gcion don tír faid is ḃí siad i gcuṁaċt agus nár ṁiste téarma eile a ṫaḃairt dóiḃ. Aċ níl fios agam an ḃfuil an daonra go léir ar aon ḟocal liom. Caiṫfimid fanaċt go lá an toġċáin.

Tríd is tríd, is beag caint faoin Ġaeilge atá le clos ag aon páirtí. na laeṫe seo agus an t-ullṁúċán don lá mór ar siúl. De réir mar a léiġ mé ar AMÁRAĊ, is cuma le muintir na Gaeltaċta cé'n dream a ḃuafas, aċ ceapaim gur fearr leo Fianna Fáil. Iadsan a d'ullṁaiġ an Páipéar Bán agus cé naċ ḃfuil mórán daoine sásta leis, sílim gurb iad is fearr a ḋéanfaḋ faḃḃ na hAṫḃeoċána a réiteaċ, mar de réir mar a cloisim tá níos mó measa acu ar ár dteanga ḋúċais ná mar atá aon lream eile.

Ó fógraíoḋ an toġċán na páipéir nuaíoċta lán de fógraíoċt faoi. Bíonn cainteanna ar an Radio agus ar an Telefís. Ní féadfaḋ duine gan ḃeiṫ faoina dtionċar. D'ḟéaċ mé ar gaċ páirtí ar an Telefís. Ní aontaím leis an socrú atá coitianta anois imeasc gaċ dream-baintreaċ nó mac duine ṁairḃ a ċur ar aġaiḋ i gcóir suíoċáin sa Dáil.

Tosnóiḋ an ḃótáil ar a naoi a ċlog maidin an toġċán agus beiḋ na hionaid ḃótála ar oscailt go dtí a deiċ a ċlog. Beiḋ cuid den obair ar siúl le solas coinnle. Tá ḃóta ag gaċ saoránaċ atá os cionn bliain agus fiċe. Tá súil agam go gcaiṫfiḋ gaċ duine a ḃóta. Ṫug mé faoi deara sa ḃfo-ṫoġċán i gCorcaiġ go raiḃ ḋá míle déag nár ċaiṫ aon ḃóta. Cuireann gaċ páirtí gluaisteáin ar fáil ċun a luċt leanúna a ṫaḃairt go dtí na hionaid ḃótála. In áiteanna bíonn lá saoire acu ó'n scoil, aċ níl an t-áḋ sin orainn. Is dóċa go mbeiḋ na tortaí ar fáil ar an Aoine agus ansin beiḋ áṫas ar ċuid de na daoine agus díomá ar ċuid eile, aċ is cuma cé ḃuafas, beiḋ ormsa teaċt ar scoil.

Éilis Ní Ċaoinleáin,
Scoil Ċloċair Naoṁ Ṁuire,
Éadan Doire.

Cill Rónáin

Ṫug breis agus 200 daoine ⁊ gníoṁairí taistil ó ċuile ċeann den Iarṫar ina measc, turas speisialta go h-Inis Mór, Dé Doṁnaiġ seo caite, ar an tender "Ḃáiġ na Gaillime." Ḃí aimsir ḃreá ann don turas, agus ar na daoine a ċuaiġ ḃí Liam Dubhlánaiġ Caisleán a' Ḃarraiġ, Caṫaoirleaċ Gníoṁairí Taisteal an Iarṫair, agus R. Cillcoilliġ, Caisleán a' Ḃarraiġ, rúnaí. Ḃí Oifigeoirí don port agus Liner services ar an turas ċoṁ maiṫ.

Ṫug ḋá long ṁóra cuairt ar Ḃáiġe na Gaillime an tseaċtain seo caite — ss. Maasdam (50,024 tonnaí) agus an Meteor (2,900 tonnaí). Ḃí an Maasdam ar a ḃealaċ go Nua Eaḃraċ ó Ḃraemerhaḃen, Rotterdam, ⁊ an Meteor, ag taḃairt luiḃ eolaiṫe ar ċuairt go hOileáin Árainn. Cuireaḋ 56 paisnéirí agus gluaisteán aṁáin i dtír ón Maasdam leis an tender "Ḃáiġ na Gaillime" oíċe Luan, agus glacaḋ 35 paisnéirí agus 480 málaí litreaċa agus ḋá ġluaisteán ar bord do Nua Eaḃraċ. Máistir cuan na Gaillime, an Leas-Ċeannfoirt Séamus de Faoite, a ċuaiġ ar bord an Meteor ag Dairbre oíċe Doṁnaiġ, a ṫug an long isteaċ go cuan na Gaillime. Ḃí lá mór ag na luiḃeolaiṫe in Inis Mór. Ḃí 300 acu ann, agus d'ḟiosraiġ siad na fásraí go léir ar an oileáin, idir luiḃeanna agus tomanna. Ḃí léaċt acu ón Dr. Máirín de Ḃaléra, Ollaṁ de Luiḃeolais ag Coláiste Iolscoile na Gaillime.

Féile nua ar fad

Is iomaḋ tráċt ar féilte a bíonn againn in Éirinn na laeṫa seo, agus le blianta beaga anuas, bíonn féile dó siúd agus seo, agus gealaíonn siad saol na tuaiṫe ċoṁ maiṫ le cuairteoirí a ṫarraingt ċun na h-áite agus sásaṁ a ṫaḃairt do ṫurasóirí. Aċ, b'ḟéidir an ceann is aistí ⁊ an ceann is nua, ceann a beiḋ i gCaisleán Griaire an Doṁnaċ, an 27ú lá de Ṁeiṫeaṁ seo ċugainn, agus sé an rul a beiḋ ann, Féile Iniúin Ċaisleán Griaire. Is dóċa gurb é seo an ċéad féile iniúin sa tír seo, nó b'ḟéidir i dtír ar biṫ eile, aċ tá muintir Ċaisleán Griaire agus mórtimpeall ag déanaṁ go rí ṁaiṫ ar na h-iniúin agus ní h-íonaiḋ ar biṫ go mbeiḋ féile acu dá ḃárr.

Ní iniúin aṁáin a ḃeiḋ ag an féile, aċ gaċ uile ṡaġas caiṫeaṁ aimsire agus spóirt agus pleisiúr agus b'ḟiú do aon duine cuairt a ṫaḃairt air.

Is dóċa naċ fada anois go mbeiḋ féile an selairí againn, nó féile na gcairéidí i nGleann Colmcille.